



RÉIDH DON CHIANFHOGHLAIM

READY FOR REMOTE LITERACY

Eispéiris Foghlama Teanga as Líne

FOGHLAIM TIONSCADALBHUNAITHE

Bain úsáid as foghlaim tionscadalbhunaithe chun teanga a fhorbairt agus obair traschuraclaim ar siúl.

Roghnaigh topaic, m.sh. Uisce nó Inbhuanaitheacht, a chuirfidh go leor deiseanna comhtháthithe agus foghlama ar fáil.

RÚIBRICÍ ÉASCA

Bain úsáid as rúibricí chun féinmheastóireacht a dhéanamh ar an obair.

Cliceáil anseo chun samplaí a fheiceáil: [sampla](#) do na bunranganna nó [rúibricí Teanga ó bhéal](#)

TIMPEALLAUGHT AN BHAILE

Tabhair deiseanna do pháistí timpeallacht an bhaile a úsáid ar bhealach spráúil.

M.sh. patrúin a lorg, grianghraif, nádúr, an téama 'Sa Bhaile,' tóraíocht focal agus fuaimeannal timpeall an tí, súgradh samhlaíoch, rólghlacadh, &rl.

FOGHLAIM A CHUR I BHFEIDHM

Tabhair deis do pháistí an méid atá foghlamtha acu a chur i bhfeidhm.

M.sh. seánra gnásúil a chur i bhfeidhm i réimsí eile, i dteangacha eile nó i gcomhthéacsanna eile, ar nós sa Ghaeilge, 'conas rothaíocht', treoracha amhairc a chruthú do Lego, &rl.

CAD ATÁ Á FHOGHLAIM AG NA PÁISTÍ?

CÉN FÓCAS TEANGA ATÁ I GCEIST? CONAS A MHÚINFIDH MÉ É?

CONAS A BHEIDH A FHIOS AGAM GO BHFUIL SÉ FOGHLAMTHA?

COMHOIBRIÚ

An bhfuil bealaí gur féidir le páistí a gcuid scileanna comhoibríocha a fhorbairt?

M.sh. d'fhéadfadh páiste níos sine léamh do pháiste níos óige, nó a mhalairt.

LÉITHEOIREACHT

Tabhair deiseanna do pháistí anailís a dhéanamh ar théacsanna as líne mar ullmhúchán nó chun obair a dhaingniú.

M.sh. úrscéal, filíocht, téacsanna ilmhódacha, tuiscint, iniúchadh a dhéanamh ar intinn an údair, ar a gcuid scríbhneoireachta féin, b'fhéidir ar scríbhneoireacht a bpiaraí, &rl.

'AM MACHNAIMH'

'Am machnaimh' a chur ar fáil do pháistí. Tabhair ceist oscailte dóibh chun machnamh a dhéanamh air sula dtagann siad ar líne.

M.sh. 'Smaoinigh ar conas mar a bheadh do shaol gan aon uisce? Cén tionchar a bheadh aige seo ar do shaol?'

ROGHA

Tabhair rogha do na páistí.

M.sh. deis a thabhairt dóibh téacs a roghnú ón mbaile, rogha a dhéanamh ó réimse gníomhaíochtaí, tionscnamh a dhéanamh ar ábhar a roghnaíonn siad féin, rogha a bheith acu ar conas a chuirfidh siad an obair i láthair, &rl.

TAIGHDE

Am a chur ar fáil do pháistí taighde a dhéanamh ar ábhair éagsúla.

M.sh. agallamh a chur ar dhuine éigin faoi thopaic áirithe, taighde neamhspleách a dhéanamh ar líne, nuachtáin a chíoradh, &rl.

LÉIRIÚ TUISCEANNA

Deiseanna a chur ar fáil do pháistí a dtuiscint a léiriú.

M.sh. d'fhéadfadh páistí úsáid a bhaint as taifeadadh fuaime, fiseán, léarscáil choincheapa, líníocht, amhrán, téacs scríofa, téacs ilmhódach, taispeántas sleamhnán, tionscadal, &rl.

Visit www.pdst.ie for support.

@pdstLiteracy @pdstGaeilge #readyforremote

